

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2022

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) An fiú páistí a thabhairt ar thurais scoile?
- (b) An tríú domhan.
- (c) Tá sé an-tábhachtach do gach duine saoire cheart a thógáil.
- (d) Tá ardmholadh tuillte ag TG4.
- (e) Is í an Ghaeltacht an áit is fearr le dul má tá tú ag iarraidh feabhas a chur ar do chuid Gaeilge.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

During the summer holidays this year I decided to buy a house. There were a lot of fine houses to be seen in the newspapers and there were even more on line. I spent one week-end going from estate to estate. I saw a lot of houses that I liked but I could not believe how dear they were. I wanted to have my own place. I was fed up paying rent week after week. Eventually, I started looking at apartments. They were all quite dear but they were cheaper than the houses. I ended up buying an apartment in the middle of the town, quite close to the school in which I teach but not too close. It is on the third floor. It has two bedrooms and a fine big sitting room. The kitchen is small, however, and even though I do not have a private garden I have a balcony in which I have potted plants and in which I can sit out. The mortgage is high enough but I am not paying rent anymore.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. I am a kind friendly person. As a teacher, I am well organized.
2. I am a member of the GAA club in my area but I do not play Gaelic games.
3. It is great to see children making progress.
4. Every morning I leave the house at eight o'clock and I reach the school at a quarter to nine.
5. Paul spends too much time on the couch watching television.
6. I would like to book a table for two for Saturday night.
7. That is the best book I ever read. I really enjoyed it.
8. It is great to be able to go to the cinema again and to see a good film.
9. When I was on holidays overseas I stayed in a self-catering apartment.
10. I bought the train ticket at the ticket office.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Go bhfóire Dia (ar: sinn), a Chormaic”, arsa Treasa, “céard a tharla duit?” “Bhuel, a Threasa, creid é nó ná creid é ach táim tar éis trí lá a (caith) san ospidéal. Bhí mé amuigh ar mo rothar leictreach nua. Bhí mé ag (fill) abhaile agus bhí gluaisteán mo mhná céile (páirceáil) ag an ngeata agus nár bhuail mé ina (aghaidh).” “Agus an bhfuil do chos briste?” arsa Treasa. “Tá,” arsa Cormac, “ach ní hé sin an rud is (olc). Rinne mé an-dochar don (gluaisteán). Ní raibh sí féin pioc sásta. Bhí uirthi an gluaisteán a (tabhair) go dtí an garáiste. Ba chuma léi fúmsa.” “Bhuel, a Chormaic,” arsa Treasa, “má (íoc) tú costas an damáiste, beidh sí sásta, nach mbeidh?” “Dá (ceannaigh: mé) gluaisteán nua di, ní dóigh liom go mbeadh sí sásta” arsa Cormac.

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Bhí bratacha á ndíol ag fear ar thaobh (an tsráid).
2. Tá sé níos éasca caisleán (gaineamh) a dhéanamh le gaineamh tais.
3. Chuaigh Niamh agus a (aintín) ar thuras go Gaillimh.
4. Má thiteann praghas na dtithe sin, (ceannaigh) mé ceann.
5. Ba bhreá liom an scannán sin a (feic).
6. Dá gcloisfinn go raibh stoirm láidir ag teacht, (cuir: mé) gach rud isteach sa gharáiste.
7. Rachaidh mé amach ag rothaíocht arís chomh luath agus a bheidh mo rothar (deisigh).
8. Nuair a chuaigh na páistí go dtí teach an Mhéara chuir an Méara fáilte (roimh: iad).
9. Is é Liam an duine is (cantalach) sa teach seo.
10. Cuirtear salann ar (na bóithre) nuair a bhíonn sioc crua ag teacht.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Donncha Ó Dúlaing

Rugadh an craoltóir raidió, Donncha Ó Dúlaing i nDún ar Aill, Contae Chorcaí ar 15 Márta, 1933. Bhí aithne ar Dhonncha ar fud na tíre dá chlár raidió agus teilifíse a rinne sé do Raidió Telefís Éireann ar feadh caoga bliain. An dá chlár is mó a gcuimhneofar orthu ná *Highways and Byways* agus le blianta beaga anuas, *Fáilte Isteach* gach oíche Shathairn.

Bhain Donncha cáil amach dá ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid chomh maith, go háirithe dá shiúlóidí do ghrúpaí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, in Iosrael agus do na hIndiaigh Choctaw a thug cúnamh d'íospartaigh an Ghorta Mhóir in Éirinn sna 1840idí.

Fuair sé a chara Daniel O'Donnell chun a chuimhní cinn, *Donncha's World – the Roads, the Stories and the Wireless* a sheoladh i Meán Fómhair, 2014 ina n-insíonn sé scéal a bheatha agus ina ndéanann sé cur síos ar na siúlóidí ar fad a rinne sé agus ar na daoine go léir a chuir sé faoi agallamh, ina measc, an tUachtarán Eamon de Valera, an Pápa Eoin Pól 11, Edna O'Brien, Rosie Hackett, Mick Jagger agus Sir Edmund Hillary.

Is é an t-agallamh is cáiliúla a rinne Donncha ná an ceann leis an Uachtarán Eamon de Valera a d'fhreastail ar an mbunscoil chéanna ar fhreastail Donncha féin uirthi. Theastaigh ó de Valera a fháil amach cén fáth a raibh sé ag iarraidh é a chur faoi agallamh. Dúirt Donncha gurbh é Éamon de Valera an t-aon uachtarán amháin a tháinig óna scoil. As an gcead a thug de Valera dó an t-agallamh a dhéanamh, d'eascair sraith de chlár faoin teideal, *The Boy from Bruree*.

In agallaimh a thug Donncha féin, labhair sé faoi bhás a athar nuair nach raibh Donncha ach trí bliana déag d'aois. Dúirt sé gur chloígh a mháthair leis an bprótacal a bhain le bheith faoi bhrón ar feadh bliana agus go ndeachaigh sí chomh fada leis an raidió a chlúdach le héadach dubh ar feadh an ama.

Cuimhneofar ar Dhonncha freisin mar fhear a raibh an-ghrá ar fad aige dá chontae dúchais, Contae Chorcaí agus as an ardmheas a bhí aige ar an iománaí is fearr a bhí ann riamh, Christy Ring. Cailleadh Donncha Ó Dúlaing ar 4 Meán Fómhair, 2021.

1. Cén tslí bheatha a bhí ag Donncha Ó Dúlaing?
2. Cén fhianaise atá san alt go raibh féith na carthanachta i nDonncha?
3. Cén chúis a bhí ag Donncha le hagallamh a lorg le hÉamon de Valera?
4. Cén fáth ar chlúdaigh máthair Dhonncha an raidió uair amháin?
5. Cén cruthú atá san alt go raibh spéis ag Donncha i gcúrsaí spóirt?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceistanna a ghabhann leis:

Shay Healy

Cumadóir amhrán, craoltóir agus iriseoir ab ea Shay Healy a rugadh i nDumhach Thrá, Baile Átha Cliath ar 29 Márta, 1943. Seisear páistí ar fad a bhí ag a athair, Séamus agus ag a mháthair, Mairín Ní Shúilleabháin. Státseirbhíseach ab ea Séamus agus aisteoir páirtaimseartha in Amharclann na Mainistreach. Chanadh Máirín amhráin thraidisiúnta. Scríobhadh sí drámaí agus scéalta chomh maith agus chothaigh sí féith na scríbhneoireachta agus na cruthaitheachta i Shane ó bhí sé ina bhuachaill óg.

Bhí slite beatha éagsúla ag Shay i rith a shaoil agus níor chaith sé rófhada le haon cheann acu. Tháinig sé chun suntais ar dtús mar chumadóir a scríobhadh agus a chanadh a chuid amhrán féin agus ina dhiaidh sin scríobh sé amhráin ghrinn don fhuirseoir, Billy Connolly. Ba é an t-amhrán ba mhó a bhain clú amach dó mar chumadóir ná *What's Another Year* a bhuaigh Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse do Johnny Logan sa bhliain 1980 agus a thuill do Shay os cionn dhá chéad go leith míle punt. Sa bhliain 1983 bhuaigh amhrán eile a chum sé, *Edge of the Universe*, Comórtas Amhránaíochta Chaisleán an Bharraigh do Linda Martin.

Sa bhliain 1963 thosaigh Shay ag obair do RTÉ mar fhear ceamara faoi oiliúint. Laistigh de chúig bliana bhí se bogtha go dtí an taobh eile den cheamara. Idir 1988 agus 1992 bhí sé i mbun *Nighthawks*, seó cainte aorach nach raibh cosúil le haon chlár eile a rinneadh riamh cheana agus a bhíodh ar siúl deireanach san oíche ar RTÉ. Sa chlár, ba chaifé é *Nighthawks* agus ba é Shay fear an tí. Bhuailleadh daoine éagsúla isteach sa chaifé, idir pholaiteoirí, cheoltóirí, amhránaithe agus araile agus chloistí iad ag na boird éagsúla sa chaifé i mbun comhrá agus Shay ag labhairt leo. In Eanáir 1992, bhí conspóid faoi cheann amháin de na cláir nuair a d'fhógair an tIarAire Seán Doherty go raibh a fhios ag go leor den Rialtas go rabhthas ag cúlústeacht go mídhleathach le glaonna gutháin roinnt iriseoirí. I ndeireadh na dála, mar gheall ar an scéal, bhí ar an Taoiseach Charles Haughey, T.D. éirí as a phost. Ag féachaint siar ar an tréimhse sin, bhí sé le rá ag Shay gurbh iad blianta *Nighthawks* na blianta ba shona dá shaol.

Cailleadh Shay Healy ar 9 Aibreán, 2021.

1. Cé na slite beatha a bhí ag athair Shay Healy?
2. Cén fhianaise atá san alt nár fhan Shay ar feadh i bhfad in aon cheann de na slite beatha a bhí aigesean?
3. Céard é an príomh-amhrán a thuill cáil do Shay mar chumadóir amhrán?
4. Cén sórt cláir ab ea *Nighthawks*?
5. Cén drochthoradh a bhí ann do dhuine tábhachtach amháin go rabhthas ag cúlústeacht le glaonna gutháin iriseoirí?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Céard iad na feidhmeanna teanga atá á gcomhlíonadh ag na heiseamláirí teanga seo?
- (i) “Dia duit!”
 - (ii) “Cuir ort an cóta seo.”
 - (iii) “Go raibh míle maith agat!”
 - (iv) “Lá breithe sona duit!”
- (b) Míniú an Modh Díreach. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir Garda agus páiste faoin teideal, “Timpiste rothair a bhí agam”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 mharc)
9. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le hObair Bheirte? Dá mbeadh an Téama, “Sa Bhaile” agus an Topaic, “Tinn” ar siúl agat agus na heiseamláirí “Céard atá ort?” “Tá tinneas cinn/tinneas fiacaile orm” á múineadh agat, céard iad na céimeanna a d’fhéadfá a leanúint agus tú ag iarraidh Obair Bheirte a dhéanamh?
- (b) I gceacht cumarsáideach, céard ba chóir tarlú sa Tréimhse Réamhchumarsáide? Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail / frásaí seo a leanas: “imithe,” “ag rith ar cosa in airde,” “camán.”
- (15 mharc)
10. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Cheannaigh mé”. Tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche?
- (b) Míniú Modh na Ráite. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Scríobh scéal dar teideal, “Oíche Shamhna” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an bealach ina raibh tú gléasta, an bealach ina raibh daoine eile gléasta, na rudaí a bhailigh tú, an chóisir, na rudaí a d’ith tú, na cluichí a d’imir tú.
- (15 mharc)